



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.4.2025
COM(2025) 171 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN
gCOMHAIRLE AGUS CHUIG AN gCÚIRT INIÚCHÓIRÍ**

**Meastóireacht ar an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin um Thomhaltóirí, Sláinte,
Talmhaíocht agus Bia, ar an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Oideachais, Ciosamhairc
agus Cultúir, ar an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin um Fhiontair Bheaga agus
Mheánmhéide, ar Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde,
ar an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin um Nuálaíocht agus Gréasáin agus ar an
nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Taighde**

{SWD(2025) 87 final} - {SWD(2025) 88 final} - {SWD(2025) 89 final} -
{SWD(2025) 90 final} - {SWD(2025) 91 final} - {SWD(2025) 92 final}

Gluais

<i>Téarma nó acrainm</i>	<i>An bhrí nó an míniú</i>
Gníomhaireachtaí	Gníomhaireachtaí feidhmiúcháin
CBA	Anailís costais is tairbhe
CHAFEA	An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Thomhaltóirí, Sláinte, Talmhaíocht agus Bia
CINEA	An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol
An Coimisiún	An Coimisiún Eorpach
EACEA	An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Oideachais, Cíosamhairc agus Cultúir
EASME	An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide
EISMEA	Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide
ERCEA	Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde
AE	An tAontas Eorpach
HADEA	An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitíú
AD	Acmhainní daonna
INEA	An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Nuálaíocht agus Gréasáin
TF	Teicneolaíocht Faisnéise
REA	An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Taighde
SFS	Ráiteas airgeadais sonrach
CFAE	An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

1. RÉAMHRÁ

Chun a chuid spriocanna a bhaint amach, tacaíonn an tAontas Eorpach le réimse leathan réimsí beartais trí raon clár maoiniúcháin. Leis na cláir soláthraítear deontais agus cineálacha eile cistiúcháin do na Ballstáit, do ghnólachtaí, do thaighdeoirí, d'eagraíochtaí neamhrialtasacha agus do dhaoine eile.

I gcomhréir le hAirteagal 317 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), is é an Coimisiún atá freagrach as buiséad an Aontais a chur chun feidhme. I gcomhréir le hAirteagal 62 den Rialachán Airgeadais¹, cuireann an Coimisiún an buiséad chun feidhme ar bhealaí éagsúla: go díreach, faoi bhainistíocht chomhroinnte leis na Ballstáit nó go hindíreach trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a chur ar thríú páirtithe (amhail tíortha nach Ballstáit den Aontas iad, eagraíochtaí de chuid na mBallstát, eagraíochtaí idirnáisiúnta, comhlachtaí comhpháirtíochta príobháidí poiblí).

Tar éis Rialachán 58/2003 a ghlacadh², chinn an Coimisiún go mbeadh sé níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla bainistiú cúraimí áirithe cur chun feidhme le haghaidh roinnt clár a bhainistítear go díreach a tharmligean chuig a ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin. Le himeacht ama, tharmlig an Coimisiún líon méadaitheach de chlár chistiúcháin de chuid an Aontais chuig na gníomhaireachtaí sin. Leis sin cuireadh ar a chumas dó díriú ar na príomhchúraimí institiúideacha atá aige.

Is éard is gníomhaireachtaí feidhmiúcháin ann comhlachtaí de chuid an Aontais le pearsantacht dhlítheanach a chuireann cláir chistiúcháin an Aontais chun feidhme, a bhainistíonn cuid de na céimeanna nó na céimeanna uile de shaolré tionscadal, a dhéanann na seiceálacha is gá chuige sin agus a chuireann na buiséid ghaolmhara chun feidhme. Is comhlachtaí uathrialacha faoi mhaoirseacht an Choimisiúin iad.

Mar sin féin, ní mór seachfhoinsiú cúraimí bainistíochta chuig na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin a choimeád laistigh de na teorainneacha a leagtar síos leis an gcóras institiúideach mar a leagtar amach in CFAE. Ciallaíonn sé sin nach féidir na cúraimí a shanntar do na hinstiúidí le CFAE, lena n-éilítear cumhachtaí lánroghnacha chun roghanna polaitiúla a chur i ngníomh, a sheachfhoinsiú. Thairis sin, ba cheart an seachfhoinsiú a bheith faoi réir anailís costais is tairbhe.

Déantar meastóireacht ar fheidhmiú gach gníomhaireachta feidhmiúcháin gach 3 bliana chun a mheas an bhfeidhmíonn sí go maith agus an bhfuil na torthaí a bhfuil coinne leo san anailís costais is tairbhe *ex ante* bainte amach³. Cumhdaítear sa tuarascáil sin na meastóireachtaí ar na sé ghníomhaireacht feidhmiúcháin ar chuir an Coimisiún de chúram orthu cláir a chur chun feidhme faoi chreat airgeadais ilbhliantúil 2014-2020:

¹ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais.

² Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú, IO L11, 16.1. 2003, lch. 1 <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/58/oj>

³ Airteagal 25 de Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002

- An Gníomhaireacht Feidhmiúcháin um Thomhaltóirí, Sláinte, Talmhaíocht agus Bia (CHAFEA)⁴
- An Gníomhaireacht Feidhmiúcháin Oideachais, Closamhairc agus Cultúir (EACEA)⁵
- An Gníomhaireacht Feidhmiúcháin um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (EASME)⁶
- Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde (ERCEA)⁷
- An Gníomhaireacht Feidhmiúcháin um Nuálaíocht agus Gréasáin (INEA)⁸
- An Gníomhaireacht Feidhmiúcháin um Thaighde (REA)⁹

Tá an tréimhse mheastóireachta bheacht éagsúil i dáil le gach gníomhaireacht toisc gur cruthaíodh iad ar dhátaí éagsúla. I gcás CHAFEA, INEA agus EASME, cumhdaítear leis na meastóireachtaí aonair an tréimhse ó 2017 go 2021, agus i gcás EACEA, ERCEA agus REA cumhdaítear leo an tréimhse ó 2018 go 2021.

Sna meastóireachtaí rinneadh measúnú ar ar chomhlíon gach gníomhaireacht a cúraimí ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil, agus ar an raibh forluí, bearnaí nó neamhréireachtaí i mbainistiú a punainne. Rinneadh scrúdú leo freisin ar an raibh teorainn shoiléir leis na cúraimí idir an gníomhaireacht agus a máthair-Ardstiúrthóireacht nó gníomhaireachtaí feidhmiúcháin eile.

Cuimsíodh sna meastóireachtaí anailís chúlghabhálach costais is tairbhe ina ndearnadh comparáid idir an fheidhmíocht iarbhir le linn na tréimhse meastóireachta 3 bliana agus an fheidhmíocht ionchasach san anailís costais agus tairbhe *ex ante*¹⁰. Tacaíodh leis na meastóireachtaí uile le staidéir¹¹ sheachtracha a lean an mhodheolaíocht chéanna agus a chuir prionsabail an Choimisiúin maidir le rialáil níos fearr i bhfeidhm¹².

Le paindéim COVID-19 rinneadh dochar d'oibríochtaí na ngníomhaireachtaí feidhmiúcháin uile i dtreo dheireadh a sainordaithe. Cé gur lean siad treoirlínte an Choimisiúin maidir le déileáil leis an bpaindéim, b'éigean a ngníomhaíochtaí a choigeartú ó thaobh socruithe oibre laethúla de (e.g. digitíú próiseas, obair ón mbaile agus cian-chomhoibriú) agus bainistiú tionscadal (e.g. síntí nó fionraíochtaí tionscadail as ar eascair leasú agus athsceidealú athbhreithnithe agus íocaíochtaí). Tráth rithabhachtach a bhí ann freisin chun an chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile a ullmhú.

⁴ Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/770/AE ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear an Gníomhaireacht Feidhmiúcháin um Thomhaltóirí, Sláinte, Talmhaíocht agus Bia, arna leasú le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/927/AE ón gCoimisiún

⁵ Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/776/AE ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2013 lena mbunaítear an Gníomhaireacht Feidhmiúcháin Oideachais, Closamhairc agus Cultúir

⁶ Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/771/AE ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear an Gníomhaireacht Feidhmiúcháin um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide

⁷ Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/779/AE ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde

⁸ Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/801/AE ón gCoimisiún an 23 Nollaig 2013 lena mbunaítear an Gníomhaireacht Feidhmiúcháin um Nuálaíocht agus Gréasáin

⁹ Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/778/AE ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2013 lena mbunaítear an Gníomhaireacht Feidhmiúcháin Taighde

¹⁰ Measúnú costais is tairbhe maidir le cúraimí áirithe a bhaineann le cur chun feidhme chlár de chuid an Aontais 2014-2020 a tharmligeann chuig na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin – Tuarascáil chríochnaitheach don Choimisiún an 19 Lúnasa 2013.

¹¹ Staidéir: [CHAFEA](#); [EACEA](#); [EASME](#); [ERCEA](#); [INEA](#); [REA](#)

¹² Treoirlínte an Choimisiúin maidir le Rialáil Níos Fearr SWD (2021) 305 final agus [an bosca uirlisí](#). Cuireadh na treoirlínte i bhfeidhm ar bhealach comhréireach. Ní raibh aon ghá le measúnú a dhéanamh ar na critéir mheastóireachta maidir le 'breisluach AE' agus 'ábharthacht' de réir mar a dhéanann na gníomhaireachtaí cúraimí a d'aistrigh an Coimisiún chucu, agus déantar measúnú ar na critéir sin agus meastóireacht á déanamh ar na cláir.

Ar an iomlán, tugadh aghaidh cheana féin ar go leor de na réimsí feabhais a moladh sna staidéir a thacaíonn leis an meastóireacht ó bhí an phaindéim ann, agus moladh dáileadh nua clár tarmligthe i measc na ngníomhaireachtaí, arb é is aidhm dó níos mó comhsheasmhachta a áirithiú agus sineirgí agus éifeachtúlachtaí a éascú.

Ón 1 Aibreán 2021, cruthaíodh gníomhaireachtaí nua faoi chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 mar chomharbaí na ngníomhaireachtaí INEA, EACEA, EASME, REA agus ERCEA. Foirceannadh CHAFEA an tráth céanna agus cruthaíodh gníomhaireacht nua, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú (HADEA).

Leis an meastóireacht ar na sé ghníomhaireacht feidhmiúcháin, bhíothas in ann anailís chomparáideach a dhéanamh bunaithe ar thacar táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla, mar a shonraítear a thuilleadh thíos.


2. FEIDHMÍOCHT FHORIOMLÁN

Ar an iomlán, chuir na ngníomhaireachtaí uile a gclár tarmligthe chun feidhme go héifeachtúil agus bhain siad torthaí maithe amach i bhformhór na n-eochairtháscairí feidhmíochta, agus buiséid oibriúcháin mhéadaithe á gcur i bhfeidhm acu an tráth céanna. Rinne gníomhaireachtaí gnóthachain éifeachtúlachta a shaothrú agus baineadh amach iad trí raon leathan gníomhaíochta, ó bhearta inmheánacha (atheagrúcháin, simpliú próiseas agus nósanna imeachta) go gníomhaíochtaí níos corparáidí agus níos trasearnála, amhail comhdhlúthú seirbhísí bailíochtaithe le haghaidh na gclár uile in REA agus rialacha agus nósanna imeachta simplithe a thabhairt isteach le haghaidh Fís 2020¹³. Leis an bhfeabhas leanúnach ar uirlisí TF áitiúla agus corparáideacha araon, cuireadh feabhas ar éifeachtúlacht na ngníomhaireachtaí freisin.

An méadú ar bhuiséid oibriochtúla na ngníomhaireachtaí le linn na tréimhse a ndearnadh anailís uirthi, cuirtear i láthair thíos é. Tharla an fás ba mhó idir 2017 agus 2021 in INEA (62 %) agus in CHAFEA (42 %), agus ba in EASME a bhí an méadú ba lú (17 %).

¹³ Rialachán (AE) 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear Fís Eorpach 2020 – An Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2014–2020)

Buiséad oibríochtúil (EUR milliún) i dtéarmaí íocaíochtaí ar fud na gníomhaireachtaí le linn 2017-2020



Foinse: Staidéar a thacaíonn leis na meastóireachtaí tríbhliantúla ar ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin

Baineann na táscairí do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin le bainistíocht airgeadais, go háirithe le meastóireacht thráthúil ar na tograí agus le tabhairt chun críche deontas (aga chun eolas a thabhairt, aga chun deontas a thabhairt agus forghníomhú tráthúil íocaíochtaí). Chomhlíon gníomhaireachtaí fórmhór na dtáscairí a bhaineann le bainistiú deontas agus bainistíocht airgeadais cé gur cláraíodh roinnt dialltaí, mar a shonraítear a thuilleadh sna doiciméid inmheánacha oibre a ghabhann leis an tuarascáil seo.

De dheasca phaindéim COVID-19, bhí dúshlán bhreise ann maidir le bainistiú tionscadal agus léirigh na gníomhaireachtaí solúbthacht ina bhfreagairt, trí fhaireachán leanúnach a dhéanamh ar a nósanna imeachta, trí na nósanna imeachta a choigeartú agus trí bhearta cistiúcháin nua¹⁴ a chur chun feidhme chun freagairt do na riachtanais a d'eascair as an bpaindéim.

In imthosca den sórt sin, d'éirigh le roinnt gníomhaireachtaí feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht i dtaca le roinnt gnéithe sonracha. Mar shampla, mhéadaigh REA agus INEA sciar na n-íocaíochtaí a rinneadh faoin sprioc-am conarthach agus shimpligh ERCEA a nós imeachta um leasú deontas.


Tugadh faoi deara freisin go raibh moilleanna beaga ar ghníomhaíochtaí tarmligthe a chur chun feidhme mar gheall ar ráig na paindéime. I gcás REA, tháinig laghdú 2 phointe céatadáin ar sciar na ndeontas a tugadh i gcrích laistigh den sprioc maidir le ham chun deontas a thabhairt in 2020 chun 98 % a bhaint amach, toisc gur iarr iarratasóirí am breise dá gcuibhreannais chun na hoibleagáidí riaracháin is gá a chomhlíonadh sular síníodh an comhaontú deontais. I gcás EASME, bhain roinnt samplaí de na moilleanna sin le síneadh a chur le dátaí seachadta tionscadal nó coigeartú a dhéanamh ar tháirgí insoláthartha i gcás ina raibh sé dodhéanta seachadadh a dhéanamh de bharr na srianta paindéime. Cuireadh gníomhaíochtaí eile leis agus bhí tionchar acu ar an ualach oibre, amhail Haiceatón uile-Eorpach CNE chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán COVID-19, nó

¹⁴ I gcás CHAFEA

slabhra soláthair na seirbhísí comhairleacha a chuir an Líonra Fiontar Eorpach i bhfeidhm. I gcás EACEA, tá nasc idir na moilleanna de bharr na paidéime agus nádúr intreach na gclár (daoine óga a dhéanann staidéar thar lear nó tionscadail chultúir/chlosamhairc).

I dtéarmaí buiséid in aghaidh an bhaill foirne oibríochtúil, tá an luach is airde bainte amach ag INEA i gcomparáid le gníomhaireachtaí eile. Tharla sé sin toisc go raibh deontais níos mó aige ar an meán faoi chlár na Saoráide um Chónascadh na hEorpa (SCE)¹⁵. Bhain na gníomhaireachtaí a chuireann cláir thaighde chun feidhme torthaí níos fearr amach ná EACEA agus CHAFEA. I gcás EACEA, ba é ba chúis leis sin castacht agus éagsúlacht phunann a chláir, cineál éagsúil a iarratasóirí agus a tairbhíthe, líon ard iarratas agus deontas, chomh maith lena meánmhéid beag. I gcás CHAFEA, ba é ba chúis leis sin méid beag na gníomhaireachta, éagsúlacht a punainne cláir, easpa gníomhaíochtaí comhlántacha agus sineirgí.

Buiséad in aghaidh an bhaill foirne oibríochtúil (coibhéis lánaimseartha) i ngealltanais (EUR milliún) ar fud na gníomhaireachtaí, 2018-2020




Foinse: Staidéar a thacaíonn leis na meastóireachtaí tríbhliantúla ar ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin

Bhí cáilíocht fhoriomlán na seirbhísí arna soláthar ag gníomhaireachtaí rátáilte go dearfach ag tairbhíthe (idir 86 % agus 94 %)¹⁶ agus saineolaithe (idir 92 % agus 99 %) agus ar bhonn níos lú ag iarratasóirí nár éirigh leo (idir 55 % agus 79 %), mar a shonraítear a thuilleadh thíos:

¹⁵ Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa

¹⁶ Léiríonn an raon céatadán an céatadán is lú agus an céatadán is airde de fhreagraí dearfacha le haghaidh gach catagóir freagróirí faoi seach.

Ráta sástachta na n-iarratasóirí agus na dtairbhíthe nár éirigh leo ar fudna ngníomhaireachtaí uile



■■■■■ Sástacht na n-iarratasóirí nár éirigh leo
 ■■■■■ Sástacht na dtairbhíthe
 ■■■■■ Sástacht na n-iarratasóirí agus na dtairbhíthe nár éirigh leo
 ■■■■■ Meánluach shástacht chomhcheangailte na n-iarratasóirí agus na dtairbhíthe nár éirigh leo ar fud na ngníomhaireachtaí Eorpacha

Foinse: Staidéar a thacaíonn leis na meastóireachtaí tribhliantúla ar ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin

Maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart, bunaíonn an Coimisiún na creatchláir thaighde agus na straitéisí rialaithe inmheánaigh agus tá sé i gceannas ar roghnú na rannpháirtíochtaí a bhfuil iniúchadh le déanamh orthu chomh maith le déine na dtástálacha iniúcháireachta *ex post* atá le déanamh a shainmhíniú. Bhí na rátaí earráidí iarmharacha faoi bhun na tairsí i bhformhór na gcodanna de na cláir tharmhligthe. Mar sin féin, chláraigh roinnt gníomhaireachtaí rátaí earráide os cionn na tairsí le haghaidh codanna áirithe de na cláir – amhail REA le haghaidh gníomhaíochtaí spáis, slándála agus FBManna faoin Seachtú Clár Réime¹⁷, ar féidir iad a chur i leith chastacht na scéime seo den chuid is mó.

I gcás EASME, sáraíodh an tairseach don ráta earráidí iarmharacha go córasach i gcás an Chláir Réime Iomaíochais-an Chláir Eorpaigh um Stuaamacht Fuinnimh II agus an Chláir Réime Iomaíochais agus Nuálaíochta-Éiceanuálaíochta¹⁸, agus i gcás an Chláir um Iomaíochas na bhFiontar agus um fhiontair bheaga agus mheánmhéide¹⁹ in 2018 agus 2020. Mar sin féin, glacadh gníomhaíochtaí maolaitheacha, amhail eolas níos fearr a thabhairt do thairbhíthe agus feabhas a chur ar shásraí rialaithe *ex ante*.

¹⁷ Cinneadh Uimh. 1982/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Seachtú Clár Réime an Chomhphobail Eorpaigh um fhorbairt theicneolaíoch agus um ghníomhaíochtaí léiriúcháin (2007-2013)

¹⁸ Cinneadh Uimh. 1639/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2006 lena mbunaítear Clár Réime Iomaíochais agus Nuálaíochta (2007 go 2013)

¹⁹ Rialachán (AE) Uimh. 1287/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear Clár um Iomaíochas na bhFiontar agus um fhiontair bheaga agus mheánmhéide (COSME) (2014 - 2020)

I gcás INEA, sháraigh rátaí earráidí iarmharacha na spriocanna réamhshocraithe do Theileachumarsáid SCE in 2019 agus 2020, mar gheall ar mhinicíocht ard rannpháirtíochta eagraíochtaí neamhrialtasacha agus FBManana, céatadán ard de chostais phearsanra i measc na gcostas dearbhaite agus úsáid theoranta deimhnithe ar ráitis airgeadais.

Bhí ráta ard earráidí iarmharacha ag CHAFEA don Chlár Sláinte Poiblí²⁰ in 2019 mar thoradh ar iniúchadh *ex post* amháin as ar tháinig méid ard aisghabhála (thart ar EUR 75 000 agus os cionn 50 % de ranníocaíocht an Aontais) a cuireadh san áireamh sa sampla. Ní raibh ráta earráidí iarmharacha os cionn na tairsí ag ERCEA ná ag EACEA le linn na tréimhse meastóireachta.

Bhunaigh na gníomhaireachtaí uile a bpróisis rialaithe inmheánaigh agus thug siad cothrom le dáta ar bhonn leanúnach iad chun a áirithiú go ndearnadh aon riosca a bhaineann le dlíthiúlacht agus rialtacht na mbun-idirbhearta a bhainistiú go leordhóthanach. Bhunaigh INEA straitéis rialaithe uileghabhálach lena ngabhann líon mór sásraí rialaithe agus tuairiscithe. Leis sin, bhíothas in ann dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn in aghaidh cuspóirí agus rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann dá oibríochtaí a chosc agus a mhaolú ar bhealach tráthúil agus éifeachtach. Chuir REA agus ERCEA feabhas ar a n-oibríochtaí freisin agus rinne siad bearta feabhais chun aghaidh a thabhairt ar na barúlacha nó na moltaí a rinneadh i dtuarascálacha bliantúla Chúirt Iniúcháirí na hEorpa agus in aon tuarascáil iniúcháireachta eile.

Sheol EACEA athbhreithniú domhain ar a chóras rialaithe inmheánaigh agus rinne sé feabhsuithe comhsheasmhacha le linn na tréimhse meastóireachta chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí iniúcháireachta a fuarthas. I ndáil leis sin, chuir EACEA 'Tionscadal Claohlaithe EACEA' chun feidhme freisin agus bhain sé sineirgí inmheánacha amach trí phróisis agus nósanna imeachta áirithe gnó a lárú ar fud na gclár in aonaid tacaíochta chothrománacha. Tugadh deis leis sin cleachtadh soghluaisteachta inmheánach substaintiúil a dhéanamh chun tacú le forbairt gairme agus leis an úsáid is fearr a bhaint as inniúlachtaí foirne. Faoi dheireadh na tréimhse meastóireachta, léirigh EACEA córas rialaithe inmheánaigh éifeachtach agus iontaofa atá ailínithe le prionsabail na bainistíochta fóna airgeadais.

Thug EASME aghaidh go hiomchuí ar aon ábhar a sainaitníodh le linn na tréimhse meastóireachta, amhail a bheartas maidir le poist íogaire²¹ a thabhairt cothrom le dáta agus thug sé tuairisc air sin i dtuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí ina dhiaidh sin²².

Rinne CHAFEA scrúdú córasach ar na torthaí agus tascairí rialaithe a bhí ar fáil, agus thug sé aghaidh ar na barúlacha agus ar na moltaí iniúcháireachta. Chuir sé feabhas leanúnach ar a bhainistíocht airgeadais le linn na tréimhse meastóireachta, trí straitéis rialaithe ilbhliantúil chomhdhlúite a thiomsú ar idirbhearta, scagchuarda airgeadais a athbhreithniú, rialuithe agus sreafaí oibre a chuíchóiriú, a straitéis frithchalaoise féin a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

Le linn na tréimhse meastóireachta, tháinig méadú ar an líon iomlán post a líonadh i ngach gníomhaireacht (seachas in EACEA). Tugadh an méadú foirne is airde faoi deara in HAFEA (ó 61


²⁰ Cinneadh Uimh. 1350/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 lena mbunaítear an dara clár gníomhaíochta Comhphobail i réimse na sláinte (2008-13)

²¹ [Iniúchadh 2018 ar ghníomhaireachtaí an Aontais go hachomair \(europa.eu\)](#)

²² [Tuarascáil bhliantúil 2019 ar ghníomhaíochtaí](#)

in 2017 go 77 in 2020, nó 26 %) agus in INEA (ó 249 in 2017 go 312 in 2020, nó 25 %). Leithdháileadh formhór mór fhoireann na ngníomhaireachtaí ar chur chun feidhme an chláir agus ar fheidhmeanna tacaíochta amháin ar bhonn teoranta.

An líon post (atá líonta go hiarbhír) ar fud na ngníomhaireachtaí uile in 2017-2020




■ 2017 ■ 2018 ■ 2019 ■ 2020 — An meánlíon ball foirne ar fud na ngníomhaireachtaí Eorpacha uile, 2020

Foinse: Staidéar a thacaíonn leis na meastóireachtaí tríbhliantúla ar ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin

Tháinig méadú ar an mbuiséad riaracháin le haghaidh na ngníomhaireachtaí uile le linn na tréimhse a ndearnadh meastóireacht uirthi, i gcomhréir leis an bhfás ar an mbuiséad oibríochtúil. Ba in CHAFEA (34 %)²³ agus INEA (27 %) a bhí na méaduithe ba mhó, agus ba in EASME (5 %) agus EACEA (8 %) a bhí na méaduithe ba lú.

²³ Mínítear é sin le méaduithe ar mhéid chomhchosúil (i) sa bhuiséad oibríochtúil a bhainistítear agus (ii) i bhfoireann na ngníomhaireachta.

Buiséad riaracháin (EUR milliún) i dtéarmaí íocaíochtaí ar fud na ngníomhaireachtaí, 2017-2020



Foinse: Staidéar a thacaíonn leis na meastóireachtaí tribhliantúla ar na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

3. COSTÉIFEACHTACHT

Rinneadh anailís san anailís chúlghabhálach costais is tairbhe ar a mhéid a bhain gach gníomhaireacht a torthaí amach ar chostas níos ísle ná mar a bheadh dá ndéanfadh an Coimisiún bainistiú inmheánach.


Léiríodh san anailís go raibh costais iarbhir chás na ngníomhaireachta feidhmiúcháin i bhfad níos ísle ná costais mheasta an cháis inmheánaigh. Mar a bhí sa mheastóireacht roimhe seo²⁴, sháraigh na coigiltis iarbhir d'fhormhór na ngníomhaireachtaí (cé is moite de CHAFAE) na meastacháin coigiltis tosaigh den chuid is mó. EUR 74,5 milliún a bhí sa mheánchoigiltas iarbhir ar fud na ngníomhaireachtaí.

Bhain CHAFAE coigiltas níos ísle amach ná mar a measadh ar dtús (EUR 4,1 milliún i gcomparáid le EUR 7,37 milliún sa ráiteas airgeadais sonrach agus EUR 9,88 milliún san anailís costais is tairbhe). Is é is cúis leis sin costais foirne CHAFAE a bhí níos airde ná mar a measadh²⁵, costais nár fritháiríodh go hiomlán le forchostais a bhí níos ísle ná mar a bhí coinne leo (caiteachas bonneagair agus oibriúcháin agus caiteachas tacaíochta cláir).

²⁴ Tuarascáil ón gCoimisiún COM(2020)184

²⁵ Is féidir baint a bheith ag costais foirne níos airde CHAFAE leis na nithe seo a leanas: (i) a shuíomh i Lucsamburg, réigiún ina bhfuil costais mhaireachtála níos airde, lenar ceanglaíodh ar an ngníomhaireacht poist ar ghrád níos airde a thairiscint chun iarrthóirí oiriúnacha a mhealladh; (ii) an gá atá le roinnt clár a bhainistiú i gcomhthráth, rud a éilíonn foireann níos speisialaithe; agus (iii) méid beag na ngníomhaireachta, rud a mhéadaigh tionchar na foirne ar phá níos airde (an mheánbainistíocht agus an ardbhainistíocht) ar an meántuarastal, i gcomparáid le ngníomhaireachtaí eile.

Coigilteas le linn thréimhse mheastóireachta 2017/2018-2021, coigilteas measta vs coigilteas iarbhir (EUR milliún) ²⁶



Foinse: Staidéar a thacaíonn leis na meastóireachtaí tréimhse ar ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin

Mar sin féin, léiríodh sa staidéar a thacaíonn leis an meastóireacht freisin go raibh an costas iarbhir níos airde faoi chaiteachas a bhaineann leis an bhfoireann (Teideal I) i gcomparáid leis na meastacháin tosaigh mar ghné choiteann ar fud na gníomhaireachtaí. Tharla sé sin d’ainneoin líon iarbhir na foirne agus chomhdhéanamh na foirne a mhaoinítear ó ranníocaíocht an Aontais a bheith laistigh de mheastacháin shonracha ar ráitis airgeadais.

Is é is cúis leis an méadú sin, i bpáirt, nach raibh coinne sna meastacháin ar chostais tosaigh go hiomlán leis an innéacsú tuarastail, leis an ardú céime agus leis an méadú ar riachtanais foirne. Ina theannta sin, bhí meánchostas foirne iarbhir na gníomhaireachtaí níos airde ná an meánchostas foirne a measadh, i bpáirt mar gheall ar fhoireann níos airde a bheith acu (a bhfuil níos mó scileanna TF acu), rud a chuir ar a gcumas do na gníomhaireachtaí acmhainní a dhíriú ar chúraimí a bhaineann le níos mó ábhair (rud a fheictear i meastóireacht REA) nó mar gheall ar an ngá le foireann speisialaithe roinnt clár a bhainistiú go comhthreomhar (in CHAFAE) nó go simplí chun tarraingteacht na hoibre ag an gníomhaireacht a choinneáil ar bun, mar gheall ar na costais mhaireachtála níos airde i Lucsamburg (i gcás CHAFAE).


Rinneadh an caiteachas foirne níos airde faoi Theideal I a fhritháireamh le caiteachas iarbhir níos ísle faoi Theideal II – *Caiteachas bonneagair agus oibríochtúil* agus Teideal III – *Caiteachas tacaíochta cláir*.

²⁶ Léirítear sa ghráf seo an coigealtas a dhéanann na gníomhaireachtaí uile, ar mhaithe le hinchomparáideacht eatarthu. Mar sin féin, i gcás REA, cuireadh síneadh breise lena shainordú in 2018 agus níor cuireadh an t-athrú sin ar a chúraimí ná ar a ualach oibre san áireamh sa chéad anailís costais is tairbhe a rinneadh in 2013.

Táscaire eile lenar tomhaiseadh cost-éifeachtúlacht na ngníomhaireachtaí is ea costas bainistíochta na gclár arb ionann é agus an cóimheas idir an buiséad riaracháin agus an buiséad oibríochtúil i dtéarmaí gealltanais forghníomhaithe. Léiríodh sa mheastóireacht gur éirigh formhór na ngníomhaireachtaí níos costéifeachtaí le himeacht ama – cé is moite de EASME, ar tháinig méadú ar an gcóimheas ina leith ó 3,11 % in 2017 go 3,46 % in 2020 ach a d'fhan gar don mheánchóimheas 3,39 % agus faoi bhun na sprice 5,5 %.

Tharla an feabhas ba mhó ar chostais bhainistíochta na gclár in EACEA agus CHAFEA, gníomhaireachtaí inar tháinig feabhas 1,76 pointe céatadáin ar an gcóimheas (ó 6,97 % in 2017 go 5,21 % in 2020) agus 1,26 pointe céatadáin (ó 7,24 % go 5,98 % le linn na tréimhse céanna). Mar sin féin, bhí costas bainistíochta clár níos airde ag na gníomhaireachtaí sin i gcomparáid leis an meánchóimheas 3,39 % ar fud na ngníomhaireachtaí uile in 2020.

Costas bainistíochta clár (cóimheas idir an buiséad riaracháin agus oibríochtúil i dtéarmaí gealltanais) ar fud na ngníomhaireachtaí uile, 2017-2020



Foinse: Staidéar a thacaíonn leis na meastóireachtaí tribhliantúla ar ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin

4. COMHLEANÚNACHAS

Mar a luadh thuas, measadh gur struchtúir chostéifeachtacha iad gníomhaireachtaí chun cur chun feidhme an chláir a bhainistiú, i gcomparáid le cás inmheánach. Mar sin féin, bhí cláir éagsúla i bpunann roinnt gníomhaireachtaí (EACEA, EASME, INEA, CHAFEA) nó na cláir chéanna, ach thar speictream ábhair éagsúil (REA, ERCEA).

Cruthaíodh leis sin timpeallacht oibre chasta (ualach oibre ard agus ualach riaracháin, rialacha agus nósanna imeachta éagsúla, comhordú le líon ard máthair-Ardstiúrthóireachtaí) agus chuir sé teorainn leis na féidearthachtaí chun feabhas a chur ar bhainistiú clár agus ar shaothrú sineirgí agus comhlántachtaí. Mar thoradh air sin, bhí gá freisin le leithead a bpunann a laghdúmar a rinneadh sa chreat airgeadais ilbhliantúil atá ann faoi láthair.

Ar an iomlán, i gcás na ngníomhaireachtaí uile agus na gclár tarmligthe uile, léiríodh sa mheastóireacht teorannú soiléir agus iomchuí ar na róil idir iad agus a máthair-Ardstiúrthóireachtaí

agus níor sainaithníodh aon fhorluí, i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil agus leis an meabhrán tuisceana.

I gcás CHAFEA, sa tuarascáil ón tseirbhís um iniúchóireacht inmheánach, sainaithníodh go bhféadfaí feabhas a chur ar²⁷ leagan amach na gcúraimí a bhaineann le misin ardleibhéil. Tugadh aghaidh air sin in 2018 le treoir inmheánach arna forbairt ag CHAFEA agus Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe. Cuireadh bearta breise i bhfeidhm le linn aistriú na punainne le haghaidh an Chláir um Táirgí Talmhaíochta a Chur Chun Cinn²⁸ ó CHAFEA go REA, trí threoirlínte comhair athbhreithnithe agus trí mheabhrán tuisceana tiomnaithe a fhorbairt ina bhfuil ceanglais shonracha maidir le (i) soláthar faisnéise agus (ii) bearta cur chun cinn le haghaidh táirgí talmhaíochta a chur chun feidhme.

I dtéarmaí saincheisteanna coiteanna trasearnálacha, sainaithníodh sa mheastóireacht an gá atá le creat struchtúrtha a fhorbairt chun aiseolas ar bheartas a sholáthar go córasach, in éineacht le sásra chun aghaidh a thabhairt ar iarrataí beartais aonair. Tugadh aghaidh ar an ábhar sin faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil atá ann faoi láthair.

5. CONCLÚID AGUS CEACHTANNA A FOGHLAIMÍODH

Ar an iomlán, tá sé cruthaithe gur struchtúir chostéifeachtacha iad na gníomhaireachtaí chun cláir chistiúcháin an Aontais a chur chun feidhme, rud a ghineann coigilteas mór i gcomparáid leis an gcás inmheánach. Tá a bpríomhchuspóirí bainte amach acu agus tá formhór na bpríomhtháscairí feidhmíochta bainte amach acu. Ba mhór ag a bpríomhpháirtithe leasmhara a gcuid seirbhísí, mar a léiríodh lena leibhéal ard sástachta.

Sainaithníodh roinnt ceachtanna a foghlaimíodh agus réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu i gcás gach gníomhaireachta mar a shonraítear a thuilleadh sna doiciméid inmheánacha oibre a ghabhann leis an tuarascáil seo. Tugadh aghaidh ar fhormhór na gceachtanna a foghlaimíodh i dtarmligean chur chun feidhme an chláir faoichreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 agus déanfar measúnú orthu sa chéad mheastóireacht thríbhliantúil eile ar na gníomhaireachtaí atá le teacht i gcomharba le haghaidh na tréimhse 2021-2024.

²⁷ Tuarascáil Iniúchóireachta Deiridh ar chóras bainistithe agus rialaithe CHAFEA maidir le cur chun feidhme na mbeart chun táirgí talmhaíochta a chur chun cinn – 15/09/2017

²⁸ Rialachán (AE) Uimh. 1144/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le bearta um sholáthar faisnéise agus bearta cur chun cinn a bhaineann le táirgí talmhaíochta a chuirtear chun feidhme sa mhargadh inmheánach agus i dtríú tíortha